**TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FOILSIÚ FAISNÉISE A BHAINEANN LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA IAROIFIGEACH SINSEARACH TAR ÉIS DÓIBH AN tSEIRBHÍS A FHÁGÁIL**

***(Airteagal 16, an tríú mír agus an ceathrú mír, de na Rialacháin Foirne)***

**Tuarascáil bhliantúil 2022**

## 1. Réamhrá: an creat rialála

De réir Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leanfar den cheangaltas a bheith ar oifigigh, tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, iad féin a iompar le hionracas agus le discréid maidir le ceapacháin áirithe nó sochair áirithe a ghlacadh. Leanfar den cheangaltas ar iaroifigigh a bhfuil sé ar intinn acu gabháil do ghníomhaíocht ghairme, bíodh luach saothair ag dul léi nó ná bíodh, le linn an dá bhliain tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, é seo a chur in iúl dá n-institiúid, chun go bhféadfadh sí cinneadh iomchuí a dhéanamh i ndáil leis an ábhar, agus i gcás inarb iomchuí, toirmeasc a chur orthu dul i mbun gníomhaíochta nó deonú a thabhairt faoi réir srianta iomchuí.

Sonraítear sa tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, i gcás iaroifigigh shinsearacha, go ndéanfaidh an t-údarás ceapacháin, i bprionsabal, toirmeasc a chur orthu, le linn an 12 mhí tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil, ó bheith ag gabháil do bhrústocaireacht nó do thathant maidir le foireann a n-iarinstitiúide, thar ceann a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís.

Ceanglaítear leis an gceathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne go ndéanfaidh gach institiúid phoiblí sonraí maidir le cur chun feidhme an tríú mír a fhoilsiú gach bliain, lena n-áirítear liosta de na cásanna a scrúdaíodh.

Tá feidhm analach ag na forálacha seo go háirithe maidir le gníomhairí sealadacha ó na grúpaí polaitiúla faoi Airteagal 11 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh.

Déanann an Pharlaimint na critéir a d'úsáid sí chun an dualgas seo a chomhlíonadh a leagan amach thíos agus tugann sí léiriú ar a hanailís. I gcás inarb iomchuí, déanfaidh an Pharlaimint achoimre ar na cinntí a glacadh de bhun na bhforálacha seo a thíolacadh in iarscríbhinn a ghabhann leis an bhfoilseachán sin.

Lena foilseachán, cuireann an institiúid leis an oibleagáid atá uirthi de réir an cheathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, agus urraim á tabhairt do na rialacha maidir le cosaint sonraí (Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 a bhaineann le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus i ndáil le saorshreabhadh na sonraí sin.

.

## 2. Modh agus critéir chun an tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne a chur i bhfeidhm

Déileálfar le ráitis ó iaroifigigh shinsearacha maidir le gníomhaíocht ghairme atá beartaithe, mar a dhéileáltar le gach ráiteas faoin ábhar a dhéanann gach duine den fhoireann. Gheobhaidh Ard-Stiúrthóireacht an Phearsanra an dearbhú agus, i gcás inarb iomchuí, iarrfaidh sí tuairim ón Ard-Stiúrthóireacht nó ó na ranna ina raibh an t-iaroifigeach ag obair le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís, ón gComhchoiste agus, más gá, ón tSeirbhís Dlí. Is sa chomhthéacs sin a dhéantar na ráitis a scrúdú chun a fhíorú an mbaineann siad leis an raon feidhme (pearsanta, sealadach agus ábhartha) den tríú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

<u>*Raon feidhme pearsanta (ratione personae)*</u>

Baineann na forálacha i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne le daoine ón bhfoireann lena n-áirítear daoine i bhfostaíocht shealadach, i gceann de na cineálacha poist seo a leanas:

<u>Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa.</u>

- Ardrúnaí
- Leas Ard-Rúnaí
- Ard-Stiúrthóir
- Stiúrthóir

<u>Grúpaí polaitiúla</u>

- Ardrúnaí
- Leas Ard-Rúnaí
- Príomhchomhairleoir
- Stiúrthóir

<u>*Raon feidhme sealadach (ratione temporis)*</u>

Tagraítear sa tríú mír d'Airteagal 16 d'iaroifigigh shinsearacha ag gabháil do ghníomhaíocht sheachtrach '*le linn an 12 mhí tar éis dóibh tseirbhís a fhágáil*'.

Ba cheart, dá bhrí sin, an tréimhse sin a chur san áireamh chun críche foilsithe mar a leagtar síos sa cheathrú mír d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

<u>*Raon feidhme ábhartha (ratione materiae)*</u>

Is iad na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, na gníomhaíochtaí sin arb ionann iad agus gníomhaíochtaí brústocaireachta nó tathanta maidir le baill foirne na hinstitiúide ina raibh an t-iaroifigieach sinsearach fostaithe, thar ceann a ngnó, a gcliant nó a bhfostóirí ar ábhair a raibh siad freagrach astu le linn na dtrí bliana deireanacha sa tseirbhís.

Ní dhéanfaidh an Pharlaimint a hanailís a theorannú do na gníomhaíochtaí beartaithe a bhfuil brústocaireacht nó tathant mar sprioc aonair nó mar sprioc príomha leo. Ina theannta sin, i gcás ráiteas maidir le gníomhaíochtaí, fiú más rud é gur gníomhaíochtaí iad nach bhfuil brústocaireacht ná tathant ag baint leo tráth an fhógra a thabhairt, ach, mar gheall ar a gcineál, go praiticiúil nó go teoiriciúil, a d'fhéadfadh a bheith ina ngníomhaíochtaí brústocaireachta nó tathanta amhail dá dtagraítear i mír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne, leathnóidh an Pharlaimint an anailís chun na féidearthachtaí

sin a chur i gcuntas agus measúnú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht arna fógairt mar chuid de mhír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.

**3. Cásanna sonracha**

In 2022, d'fhág triúr oifigeach sinsearach an tseirbhís.

Dhearbhaigh beirt acu go raibh sé ar intinn acu dul i mbun gníomhaíochtaí seachtracha tar éis dóibh an tseirbhís a fhágáil. Ní bheidh luach saothair ag gabháil le haon cheann de na gníomhaíochtaí seo.

Dá bhrí sin, maidir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe, is iad sin:

- Ollamh ar cuairt in Université Catholique de Leuven, Dámh na nEolaíochtaí Sóisialta, Leuven, an Bheilg
- Uachtarán Chomhairle Acadúil in 'Ionad Léann Eorpach Wilfried Martens', an Bhruiséil, an Bheilg
- Léachtóir ag 'Coláiste Cathrach Nua-Eabhrac, Scoil Colin Powell don Cheannaireacht Shibhialta agus Dhomhanda, Institiúid Moynihan', Nua-Eabhrac, Stáit Aontaithe
- Comhalta de Bhord Stiúrthóirí Konrad Adenauer Stiftung, an Bhruiséil, an Bheilg
- Léachtóir ag Ecole Nationale Supériôme, Institiúid Ildisciplíneach an Léinn Eorpaigh, Páras, an Fhrainc
- Ollamh ar Cuairt, 'London School of Economics and Political Science', Londain, an Ríocht Aontaithe
- Saorálaí san eagraíocht neamhbhrabúsach 'Royal Overseas League', Londain, an Ríocht Aontaithe

measadh nach raibh na gníomhaíochtaí sin laistigh de raon feidhme ábhartha mhír 3 d'Airteagal 16 de na Rialacháin Foirne.